

AN DÁ CHAT I NDIGHE LE CHÉILE

Dhá chat a bhí i bpáirtidheacht le chéile. Bhídís ag imeacht a'goid is chuile áit a bhféadfaidís. Bhí siad oidhche annsin agus ghoideadar píosa cáis as teach agus rinneadar dhá leith de dá roinnt le chéile.

Nuair a bhí a phíosa féin annsin ag gach aon cheann dubhairt cat acab gur mó an píosa a bhí ag an gceann eile ná bhí aige féin. Dubhairt an ceann nár mhó go raibh an oiread aige-san, ach bhíodar a'sáruidheacht annsin go ndeachadar i ndighe le chéile faoi. Sé an breitheamh a chuir sé fios air moncaí as an gcoill. Tháinig sé annsin go dtí iad ina bhreitheamh agus a chuid sgálaí aige go meadhuigheadh sé an dá phíosa.

Chuir sé isteach sa sgála annsin iad, ceann i ngach aon sgála acab, agus nuair a bhíodar meaidhte annsin aige dubhairt sé gurb é an cat a bhí a rádh gurb aige a bhí an píosa beag, gurb aige a bhí an ceart.

"Tá an píosa a bhí ag an gcat eile níos mó ná do phíosa-sa" adeir an breitheamh. Bhain sé féin plaic annsin as an bpíosa mór agus chuir sé isteach sa sgála aríst an dá phíosa agus ba truime an píosa a bhí beag cheana ná an píosa mór. Bhain sé plaic eile annsin as an bpíosa ba mhó aríst agus d'ith sé é, ach nuair a chonnaic an dá chat go raibh an cháis gar do bheith ithte aige, "ó" adeir siad, fág againn an méid atá ann féin anois, agus beimid sásta sul a íosfas tú uiliug é."

"Tuige nach raibh sibh sásta i dtosach" adeir an moncaí, agus ní bheadh aon trioblóid orm-sa agus ní bheadh call dom a thigheacht. Tá an méad atá fágtha anois a'dul dom-sa as ucht mo chuid trioblóid agus d'ith sé ar fad annsin é. Ní raibh aon bhlas ag aon chat annsin acab.

Teigheann an dlighe de na bochta mar a théigheanns a an bháisteach de na cearca. Eirigheann na cearca giobalach, stoineach den bháisteach.